# Roinnt ceisteanna tábhachtacha mar ullmhúchán do na Measúnuithe Rangbhunaithe in Innealltóireacht 2020/2021

Baineann an doiciméad seo le Measúnú Rangbhunaithe 1 (MRB 1) dár dteideal ***Innealtóireacht á Cur i nGníomh*** san Innealtóireacht laistigh den bhliain acadúil 2020/2021, ach díríonn aird freisin ar roinnt cúinsí tábhachtacha do MRB 2 dár dteideal ***Taighde agus forbairt*** san Innealtóireacht.

**1. Cad iad téamaí na Measúnuithe Rangbhunaithe san Innealtóireacht?**

Tá dhá Mheasúnú Rangbhunaithe san Innealtóireacht. Déantar measúnú orthu ar leibhéal coiteann. Is iad seo na Measúnuithe Rangbhunaithe don Innealtóireacht:

***MRB 1: Innealtóireacht a Cur i nGníomh*** *– a dhéantar i mbliain 2 le linn tréimhse 3 seachtaine ar a mhéad*

***MRB 2: Taighde agus forbairt*** *– a dhéantar i mbliain 3 le linn tréimhse 3 seachtaine ar a mhéad*

*Innealtóireacht na Sraithe Sóisearaí, Treoirlínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe, Leathanach* 9

**2. Cén uair a dhéantar na Measúnuithe Rangbhunaithe in Inealltóireacht?**

Beartaíodh go dtabharfadh scoláirí faoi na Measúnuithe Rangbhunaithe in Inealltóireacht i dtréimhse ama ar leith laistigh d'am teagmhála ranga, de réir amchlár náisiúnta, mar a chomhairligh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) i bhféilire na scoile.

*Innealtóireacht na Sraithe Sóisearaí, Treoirlínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe, Leathanach 9*

Is féidir teacht ar an amchlár do mheasúnuithe rangbhunaithe 2020/2021 anseo

**3. An féidir le scoláirí oibriú le chéile ar MRB 1 (Innealtóireacht á cur i ngníomh)?**

Is féidir le scoláirí comhoibriú, ach ní mór do gach scoláire píosa oibre a chur i láthair ina aonar.

*Innealtóireacht na Sraithe Sóisearaí, Treoirlínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe, Leathanach 9*

**4. An gá do na scoláirí cloí le formáid/leagan amach forordaithe maidir le MRB 1?**

Taifeadfaidh an scoláire céimeanna éagsúla an Mheasúnaithe Rangbhunaithe trí loga foghlama a chuirfear i láthair mar chuid dá n-aighneacht dheireanach. Is féidir an loga foghlama seo a dhéanamh i bhformáid oiriúnach, atá le cinneadh i gcomhaontú leis an múinteoir, a ghabhann obair an scoláire ar fud an Mheasúnaithe Rangbhunaithe. Féadfaidh an scoláire samhlacha, déantáin agus aon chineál eile fianaise a chur i láthair chun dul leis an loga foghlama chun a gcuid torthaí a chur in iúl tuilleadh má mheasann siad gur gá.

*Innealtóireacht na Sraithe Sóisearaí, Treoirlínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe, Leathanach 10*

Ba chóir scoláirí a spreagadh chun an fhaisnéis is fearr a chuireann a gcuid oibre in iúl a aithint agus an meán is oiriúnaí a roghnú chun í a chur i láthair.

*Innealtóireacht na Sraithe Sóisearaí, Treoirlínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe, Leathanach 16*

**5. An féidir le gach scoláire laistigh de ghrúpa ranga tabhairt faoin ábhar céanna do MRB 1?**

Tugann na Treoirlínte Innealtóireachta do na Measúnuithe Rangbhunaithe le fios go ndéanann na scoláirí iniúchadh ar ábhair agus ar smaointe a bhfuil suim acu iontu agus gur cheart iad a spreagadh chun naisc ábhartha a aithint idir foghlaim sa seomra ranga agus an saol laethúil – ní mór do gach scoláire píosa oibre aonair a chur i láthair.

*Innealtóireacht na Sraithe Sóisearaí, Treoirlínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe, Leathanach 12*

6. **Cén uair a ba chóir na Gnéithe Cáilíochta a roinnt le scoláirí do MRB 1?**

Ag tráth cuí ina gcuid foghlama, ba cheart cur amach a bheith ag scoláirí ar na Gnéithe Cáilíochta a úsáidfear chun caighdeán a gcuid oibre a mheas.

*Innealtóireacht na Sraithe Sóisearaí, Treoirlínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe, Leathanach 12*

Trí chleachtais mheasúnaithe fhoirmiúla a úsáid ar fud thuras foghlama na scoláirí, forbrófar scafláil ar thuiscint scoláirí ar chúrsaí cáilíochta ina gcuid oibre agus cabhróidh siad lena dtuiscint ar Ghnéithe Cáilíochta nuair a bheas an MRB á dhéanamh. Má úsáidtear critéir ratha le haghaidh measúnuithe leanúnacha, tacóidh siad sin leis an bhforbairt sin freisin.

7. **Cad iad na hoiriúintí a ba chóir a dhéanamh do scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu (RSO)?**

I gcás ina measann scoil go bhfuil deacracht fhisiciúil nó foghlama ar leith ag scoláire, féadfar tacaíochtaí réasúnta a chur i bhfeidhm chun tionchar an mhíchumais ar fheidhmíocht an scoláire i Measúnuithe Rangbhunaithe a bhaint, a mhéad agus is féidir. Ba chóir go mbeadh na tacaí sin, m.sh. an tacaíocht a thugann cúntóir riachtanais speisialta nó tacaíocht ó theicneolaíochtaí cúnta, ba chóir go mbeadh siad i gcomhréir leis na socruithe atá curtha i bhfeidhm ag an scoil chun tacú le foghlaim an scoláire i rith na bliana.

*Innealtóireacht na Sraithe Sóisearaí, Treoirlínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe, Leathanach 7*

8. **Ar chóir aiseolas a thabhairt ar MRB 1 do scoláirí?**

Céim ríthábhachtach is ea aiseolas éifeachtach a chur ar fáil in 'Innealtóireacht á cur i ngníomh' chun tacú leis an bhfoghlaim. Cuirfear na scoláirí ar an eolas faoin Tuairiscín a bronnadh orthu nuair a bheas an cruinniú AFMÁ thart agus nuair a bheas a gcuid torthaí próiseáilte. Mar sin féin, is mó a bhíonn i gceist le haiseolas éifeachtach ná ainm an Tuairiscín a bronnadh a thabhairt. Is féidir aiseolas ar láidreachtaí obair an scoláire, agus ar réimsí atá le feabhsú a úsáid chun cabhrú lena gcuid foghlama amach anseo. Tá tuilleadh eolais faoi úsáid aiseolais le fáil ag https://ncca.ie/ga/an-tsraith-sh%C3%B3isearach/meas%C3%BAn%C3%BA-agus tuairisci%C3%BA/d%C3%ADri%C3%BA-ar-an-bhfoghlaim.

*Innealtóireacht na Sraithe Sóisearaí, Treoirlínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe, Leathanach 20*

9. **Cé chomh fada a ba chóir ábhar MRB 1 a stóráil?**

Nuair a bheas an AFMÁ críochnaithe, athbhreithniú déanta ar thuairiscíní sealadacha agus tuairiscíní deiridh bronnta orthu, tugtar an obair ar ais don scoláire agus ní gá í a stóráil.

10. **An bhfuil aon solúbthacht ann maidir le huainiú MRB 1 mar gheall ar an staid reatha i scoileanna?**

D'fhoilsigh an CNCM doiciméad ina bhfuil faisnéis maidir le Measúnuithe Rangbhunaithe don scoilbhliain 2020/2021. Is féidir teacht ar an doiciméad seo ach an cód MF a scanadh nó cliceáil air.

**NÓTA:** Is achoimre é an doiciméad seo ar roinnt nithe tábhachtacha san ullmhúchán do na Measúnuithe Rangbhunaithe. Chun teacht ar na sonraí uile ar na Measúnuithe Rangbhunaithe moltar do mhúinteoirí breathnú ar na cáipéisí seo a leanas:
Innealtóireacht na Sraithe Sóisearaí, Treoirlínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe